



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020

Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil

1. Réamhrá

Tabhair faoi deara: NÍ do scoláirí atá cláraithe mar scoláirí lánaimseartha i scoil agus a bhfuil ábhar breise á dhéanamh acu taobh amuigh den scoil an treoir seo. Is do scoláirí nach bhfuil cláraithe mar scoláirí lánaimseartha i scoil in aon chor í agus DÓIBH SIÚD AMHÁIN.

Tá gráid ríofa á dtairiscint mar rogha do scoláirí in 2020 mar gheall ar an tionchar ollmhór a bhí ag paidéim COVID-19 ar an oideachas. Féadfaidh scoláirí cur isteach ar scrúduithe na hArdteistiméireachta mar scoláire i scoil dara leibhéal aitheanta nó mar scoláire seachtrach atá taobh amuigh den chóras dara leibhéal aitheanta. Taobh istigh de chatagóir na scoláirí seachtracha, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí ag freastal ar choláiste príobháideach agus go gcuirfeadh an coláiste sin isteach ar a gcuid scrúduithe iad. Tá tuiscint iomlán ar scoláirí seachtracha atá sa chatagóir sin taobh istigh de shamhail na nGrád Ríofa, ar samhail í a forbraíodh lena feidhmiú ag scoileanna agus ag soláthraithe scrúduithe eile. Ina theannta sin, tá tuiscint iomlán ar an bpróiseas ina bhfuil scoláire cláraithe i scoil ar bhonn lánaimseartha ach go bhfuil sé/sí ag déanamh staidéir ar ábhar breise taobh amuigh den scoil taobh istigh den tsamhail a forbraíodh lena feidhmiú ag scoileanna agus ag soláthraithe scrúdaithe eile agus dá bhrí sin, ní bhaineann an próiseas a leagtar amach sa treoir seo le cásanna den chineál sin.

Catagóir bhreise de scoláirí seachtracha is ea na foghlaimeoirí taobh amuigh den scoil a iontráladh ar a gcuid scrúduithe mar iarrthóirí seachtracha agus a léirigh nach raibh siad ag freastal ar aon scoil ná ar aon choláiste príobháideach, i gcomhair teagasc lánaimseartha, ar scoileanna nó coláistí iad atá aitheanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) chun scrúduithe a reáchtáil. Is scoláire sa ghrúpa sin tusa.

Tá oibiachtúlacht, cothroime agus cothromas mar bhonn leis an bpróiseas a d'fhorbair Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar grád ríofa d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil. Is é is cuspóir don treoir seo ná an próiseas a leagan amach trína bhféadfaidh tusa iarratas a dhéanamh go gcuirí san áireamh thú do ghráid ríofa ar bhealach atá cóir duitse agus do gach scoláire eile agus nach mbaineann d'ionracas an chur chuige fhoriomláin.

Déanfaidh an Oifig Feidhmiúcháin gach iarracht gráid ríofa a chur ar fáil don líon scoláirí is mó is féidir, ar an gcoinníoll go bhfuil fianaise iontaoifa, shásúil ar fáil ó fhoinsé chuí, ar féidir marc céatadáin measta a bhunú uirthi. Mar sin féin, mura bhfuil fianaise atá infhíoraithe agus oibiachtúil ar fáil, ní fhéadfar grád ríofa a sholáthar i ngach cás. I gcás nach bhféadfar grád ríofa a chur ar fáil, beidh deis ag scoláirí scrúdú na hArdteistiméireachta 2020 a dhéanamh amach anseo, nuair a bheidh sé sábháilte sin a dhéanamh.

Chun go gcaithfear go cothrom agus go cóir le gach duine, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh na prionsabail a chuireann taca faoi chóras na ngrád ríofa, agus an próiseas chun teacht ar ghrád ríofa d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil, ag teacht, a oiread agus is féidir, leis an bpróiseas atá i bhfeidhm do na scoláirí eile go léir atá iontráilte ar scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020. Chuige sin, forbraíodh tacar prionsabal chun taca a chur faoi shamhail na nGrád Ríofa don ghrúpa áirithe scoláirí seo.

2. Na prionsabail a chuireann taca faoi chóras grád ríofa i gcomhthéacs foghlaimeoirí taobh amuigh den scoil

Cuireann na príomhphrionsabail seo a leanas taca faoi chóras na ngrád ríofa d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil, agus is prionsabail iad atá ag teacht leis na

prionsabail a chuireann taca faoin bpróiseas ionscoile, a oiread agus is féidir, ó tharla go mbaineann comhthéacsanna éagsúla leis an dá ghrúpa scoláirí..

- *Cothroime agus cothromas:* Ní mór go gcinnteodh córas na ngrád ríofa d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil go mbeadh cothroime agus cothromas taobh istigh den ghrúpa sin ach freisin i dtaca leis na scoláirí Ardteistiméireachta eile go léir. Ní mór go mbeadh an córas socraithe ionas nach dtabharfaidh sé buntáiste do scoláire ar bith i gcohort na hArdteistiméireachta in 2020 ná nach gcuirfidh sé scoláire ar bith faoi mhíbhuntáiste, trí ghráid ar bith a bhronnfar i ndeireadh na dála, sa chur chuige a ghlacfar agus i soláthar gráid ríofa. Ní mór go mbeadh na socruithe ag teacht leis an gcóras ginearálta a oiread agus is féidir chun cothroime agus cothromas a chinntiú.
- *Tacaíocht do scoláirí:* D'uireasa córas tacaíochta scoile, tá sé fíorthábhachtach go dtabharfaí tacaíocht d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil agus go ndéanfaí freastal ar a gcuid riachtanas a oiread agus is féidir. Ní mór gach bealach a iniúchadh lena chinntiú go mbeidh teacht ag an oiread scoláirí agus is féidir ar chóras na ngrád ríofa agus go gcuirfear teastasú bailí ar fáil aon uair is féidir sin a dhéanamh.
- *Oibiachtúlacht:* Ní mór go mbeadh an córas chun marcanna measta a sholáthar oibiachtúil maidir le feidhmíocht ionchasach scoláire a mheas. I gcás scoláirí taobh amuigh den scoil, ní mór go mbeadh réimse fianaise ann atá chomh cosúil agus is féidir leis an bhfianaise a theastaíonn don phróiseas ionscoile chun taca a chur faoi na breithiúnais a dhéantar agus tacú leo. Ní mór do gach duine atá páirteach sa phróiseas a chinntiú nach mbeidh tionchar ag aon chlaontacht, neamh-chomhfhiosach nó eile, ar na cinntí a dhéanfar maidir le feidhmíocht ionchasach scoláire.
- *Nasc leis an oideachas foirmiúil agus gairmiúlacht an mhúinteora:* Tá inchreidteacht agus ionracas an chórais faoi mar a rachaidh sé i gcion ar fhormhór na scoláirí bunaithe ar phrionsabail a thógtar as cód cleachtais ghairmiúil na Comhairle Múinteoireachta. Tá ionracas an phróisis iomláin bunaithe, cuid mhaith, ar an tuiscint gur féidir brath ar bhaill na gairme rialaithe seo chun seasamh leis na caighdeáin ghairmiúla ábhartha. Déantar próiseas na ngrád ríofa ionscoile a dhearbhu trí shraitheanna maoirseachta ina bhfuil múinteoirí ábhair, ranna ábhair agus lucht bainistíochta scoile páirteach. Ní mór brath ar chineálacha eile maoirseachta agus dearbhaithe nuair atá foghlaimoirí taobh amuigh den scoil á mbreithniú. Ar an gceann is tábhachtaí díobh sin tá dul i dtuilleamaí múinteoirí cláraithe nuair a soláthraíodh teagasc in ionaid oideachais nach bhfuil údaraithe chun scrúduithe na hArdteistiméireachta a reáchtáil.
- *Comhoibriú:* I gcás go bhfuil níos mó ná duine amháin páirteach sa phróiseas meastacháin beidh cur chuige comhoibríoch i gceist, ach i gcás foghlaimoirí taobh amuigh den scoil, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an comhoibriú chomh hábhartha céanna i gcásanna áirithe de bharr an chomhthéacs.
- *Tráthúlacht:* Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirfear na socruithe do na gráid ríofa don ghrúpa scoláirí seo i gcrích in am trátha chun go n-eiseofar na torthaí dóibhsean agus do na scoláirí eile ag an am céanna.

3. Coimhlint Leasa

Ar fud na treorach seo, tá cúinsí ar leith leagtha amach againn ina gceadaítear do mhúinteoir nó do theagascóir óna bhfuair tú teagasc, marc measta a sholáthar thar do cheann, faoi réir critéir áirithe eile. Ar mhaithe le hionracas an chórais a chaomhnú, ní fhéadfar, i gcás ar bith, marc measta a ghlacadh ó mhúinteoir ná ó theagascóir a bhfuil gaol gairid aige/aici leat (lena n-áirítear deartháir, deirfiúr, tuismitheoir, céile, etc). Bheadh coimhlint leasa díreach i gceist leis sin agus dá nglacfaí le marcanna measta ó bhall teaghlaigh, dhéanfaí dochar d'inchreidteacht an phróisis. Ní mór go ndéanfadh gach duine a bhfuil marc céatadán measta á chur isteach aige/aici an dearbhú maidir le Coimhlint Leasa a chomhlánú.

4. Conas a d'fhéadfaí grád ríofa a thabhairt i gcás foghlaimeora taobh amuigh den scoil?

Bhí foghlaimeoirí taobh amuigh den scoil ag ullmhú do scrúduithe na hArdteistiméireachta i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar scoláire sa ghrúpa sin d'fhéadfadh sé:

- go bhfuair tú teagasc ó mhúinteoir nó ó theagascóir
- gur fhreastail tú ar cheachtanna nó ar chúrsaí in ionad oideachais taobh amuigh den ghnáthchóras iar-bhunscoile agus go bhféadfadh sé go raibh teagasc ar líne i gceist leis sin
- gur fhreastail tú ar cheachtanna ar bhonn páirtaimseartha ag coláiste príobháideach etc.
- go ndearna tú an Ardteistiméireacht i mbliain eile roimhe seo go ndearna tú staidéar i gcomhair scrúduithe na hArdteistiméireachta go hiomlán neamhspleách ar aon tacaíocht nó ar aon chúnamh ó aon suíomh nó ó aon phearsanra foirmiúil oideachais.

4.1 Marcanna a mheas

Chun go bhfaighidh tú grád ríofa, ní mór meastachán ar d'fheidhmíocht ionchasach sna scrúduithe a chur ar fáil mar an marc céatadán measta foriomlán is dóichí a bheadh le fáil agat i ngach ábhar dá mba rud é go rachadh na scrúduithe ar aghaidh mar ba ghnách.

I gcás scoláirí atá ar an rolla i scoil, tá próiseas ina bhfuil trí chéim láidre i gceist sa phróiseas meastacháin seo, ina dteastaíonn breithiúnas gairmiúil an mhúinteora, ailíniú ionscoile agus maoirseacht an phríomhoide.

Chun go bhféadfar a mheas gur féidir grád ríofa a bhronnadh i do chás-sa, mar fhoghlaimeoir taobh amuigh den scoil, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an próiseas meastacháin chomh láidir céanna ionas go mbeidh sé cóir duitse agus do na scoláirí go léir.

Sa phróiseas a bhaineann le teacht ar do mharc céatadán measta, teastaíonn:

- breithiúnas gairmiúil ó mhúinteoir/theagascóir agus ó phríomhoide nó ó bhainisteoir ionaid oideachais (de réir mar is cuí).
- fianaise shásúil, iontaofa ó fhoinse chúí, a mbunófar an marc céatadán measta uirthi.

Foinsí do bhreithiúnas gairmiúil

Tá dhá bhealach ina bhféadfar an breithiúnas gairmiúil a chinntiú sa phróiseas seo:

- an riachtanas go bhfuil nó go raibh an múinteoir/teagascóir atá ag cur an teagaisc ar fáil duit faoi láthair ina m(h)úinteoir cláraithe, nó

- an riachtanas gur cuireadh do chuid teagaisc ar fáil in ionad oideachais atá aitheanta ag CSS chun críocha scrúduithe.

Cinntíonn sé sin rannpháirtíocht duine a bhfuil cáilíochtaí cuí aige/aici, agus a thoiligh leis an gcód cleachtas ghairmiúil a bhaineann leis an ngairm. Ina theannta sin, cinntíonn sé gur thángthas ar do mharc measta trí bhreithiúnas gairmiúil duine a bhfuil eolas aige/aici ar an gcóras oideachais agus scrúduithe agus ar an gcaighdeán náisiúnta, mar thoradh ar an taithí atá aige/aici mar mhúinteoir.

Foinsí don fhianaise

Chun gur féidir fianaise iontaoifa a chur ar fáil, a mbunófar meastachán ar d'fheidhmíocht ionchasach uirthi, is gá go mbeifeá páirteach i dteagasc ar feadh tréimhse leanúnach agus tú i mbun staidéir do chlár na hArdteistiméireachta (ar cheart go mbeadh deireadh tagtha leis ar an 11 Bealtaine nó roimhe sin, ar aon dul le gach teagasc eile do scoláirí na hArdteistiméireachta). Ní fhéadfar trialacha, measúnuithe ná tascanna sa bhreis a leagan amach i ndiaidh an dáta sin ar mhaithe le marc céatadán measta a chinneadh. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhféadfar grád ríofa a fháil ach amháin trí mharc measta ó fhoinsé chuí a sholáthar. Níor cheart duit aon ábhar breise a chur isteach le d'fhoirm iarratais. Ní bheidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa páirteach in aon phróiseas a bhaineann le marc measta a ghiniúint, i gcás ar bith. Is é an ról atá ag OFGR ná a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil foinsé cuí ann óna bhféadfar mar céatadán measta a ghlacadh.

D'fhéadfadh sé go mbeadh teagasc príobháideach duine le duine san áireamh sna suíomhanna ina raibh tú páirteach i dteagasc, teagasc ar bhonn páirtaimseartha in ionad foghlama amhail scoil dianteagaisc, coláiste príobháideach nó teagasc ar líne, nó teagasc a chuir ionad foghlama atá aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe ar fáil ar bhonn páirtaimseartha.

4.2 Bealaí ina bhféadfaí marc céatadán measta atá inghlactha a fhoinsiú gcomhthéacs na suíomhanna éagsúla teagaisc

Faoi mar atá léirithe thuas, chun meastachán a fháil i leith ábhair, tá sé riachtanach go mbeifeá páirteach i dteagasc ar bhonn rialta thar thréimse leanúnach agus tú i mbun staidéir don Ardteistiméireacht, chun go mbeadh foinsé cuí ar fáil óna bhféadfaí meastachán a fháil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort fianaise a chur ar fáil a léiríonn minice agus rialtacht an teagaisc sin. D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint leis an teagasc a raibh tú páirteach ann de réir ábhair. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith sa phróiseas chun meastachán a fháil idir ábhair éagsúla.

D'fhéadfadh sé gur lean tú ceann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas:

Bealach a haon:

D'fhéadfadh sé go raibh tú nasctha le hionad foghlama (scoil dianteagaisc, coláiste príobháideach etc) nach bhfuil aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an múinteoir/teagascóir marc measta ar fáil. Ní mór go ndéanfadh príomhoide/bainisteoir an ionaid maoirseacht ar an meastachán. Tá sé riachtanach go bhfuil nó go raibh duine de na daoine atá páirteach sa phróiseas ina m(h)úinteoir cláraithe. Mura raibh múinteoir cláraithe páirteach go díreach i do theagasc nó san ionad oideachais ina raibh an teagasc á fháil agat, ní fhéadfar glacadh le meastachán.

Bealach a dó:

D'fhéadfadh sé go raibh tú nasctha le hionad foghlama (scoil dianteagaisc, coláiste príobháideach etc) atá aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an múinteoir/teagascóir marc measta ar fáil. Ní mór go ndéanadh príomhoide/bainisteoir an ionaid maoirseacht ar an meastachán. Ó tharla go bhfuil an t-ionad sin aitheanta chun críocha scrúdaithe, agus go mbeadh sé rannpháirteach i bpróiseas na ngrád ríofa dá scoláirí lánaimseartha, níl sé go hiomlán riachtanach go mbeadh múinteoir cláraithe páirteach sa suíomh sin.

Bealach a trí:

D'fhéadfadh sé go raibh tú páirteach i dteagasc le múinteoir cláraithe (atá cláraithe faoi láthair nó a bhí cláraithe) taobh amuigh d'ionad foghlama ar bith. I gcás mar sin, féadfaidh an múinteoir marc céatadán measta a chur isteach má tá sé/sí sásta gur ann d'fhianaise shásúil, iontaofa, chun an meastachán a bhunú uirthi.

Bealach a ceathair:

Má tá an Ardteistiméireacht á déanamh an athuair agat, agus go ndearna tú na scrúduithe cheana féin in 2018 nó in 2019, atá taobh istigh d'fhad an chláir staidéir do d'Ardteistiméireacht reatha, d'fhéadfadh sé go raibh tú páirteach i dteagasc ar bhonn duine le duine le teagascóir nach bhfuil nó nach raibh riamh ina m(h)úinteoir cláraithe, nó go raibh tú nasctha le hionad foghlama nach bhfuil aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe, áit nach bhfuil an teagascóir ná an príomhoide/bainisteoir ina m(h)úinteoir cláraithe agus nach raibh riamh.

Sa chás áirithe sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa ábalta teagmháil a dhéanamh leis an scoil ina ndearna tú do chuid scrúduithe roimhe seo (2018 nó 2019). D'fhéadfadh sé go mbeadh príomhoide na scoile sin, tar éis dul i gcomhar leis an teagascóir, toilteanach a s(h)íniú a chur le do mheastachán cé nach raibh tú ag freastal ar an scoil sin mar chuid de do chuid staidéir do scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020. Ní mór don teagascóir fianaise bhreise a sholáthar, a mbeidh an príomhoide sásta léi, ar do rannpháirtíocht bhreise i do chuid foghlama ó rinne tú an Ardteistiméireacht roimhe seo.

Mura bhfuil fianaise ar fáil trí aon cheann de na ceithre bhealach thuas, ní fhéadfaidh tú grád ríofa a fháil.

4.3 Teagmháil idir scoláirí agus múinteoirí agus cothroime i samhail na ngrád ríofa

Tá gealltanas i dtaca le hoibiachtúlacht, comhionannas agus cothroime duitse agus do na scoláirí go léir ag croílár an phróisis meastacháin agus ag croílár chéimeanna an chaighdeánaithe náisiúnta chun ionracas an phróisis cinnteoireachta a chosaint. Ní ceadmhach duit, i gcás ar bith, teagmháil a dhéanamh le duine ar bith a bhfuil baint aige/aici leis an bpróiseas meastacháin chun an próiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an marc measta a phlé ná chun tionchar a imirt ar an bpróiseas sin. Tá dhá chúis leis sin:

- Ní gá gurb é an marc measta an marc deiridh a gheobhaidh tú agus dá bhrí sin bheadh sé míthreorach duitse an marc sin a fháil sula mbeidh próiseas na ngrád ríofa críochnaithe agus na cinntí curtha i gcrích.
- Dá gceadófaí duit rochtain a fháil ar an marc measta agus é a phlé sula mbeadh próiseas na ngrád ríofa críochnaithe, bheifí ag cur isteach ar réachtáil an phróisis ar bhealach oibiachtúil ionas go gcinnteofaí comhionannas agus cothroime idir na scoláirí go léir.

5. Conas iarratas a dhéanamh go gcuirfí san áireamh thú do ghrád ríofa

Nuair a bhí córas na ngrád ríofa á fhógairt aige, shoiléirigh an tAire Oideachais agus Scileanna go mbeadh próiseas iarratais ar leith ann do scoláirí a bhí ag staidéar go neamhspleách agus nach raibh i suíomh foirmiúil scoile chun iarratas a dhéanamh go gcuirfí san áireamh iad chun gráid ríofa a fháil agus go ndéileálfaí leis na hiarratais sin chás ar chás. Tá roinnt doiciméad úsáideach ar fáil ag www.gov.ie/leavingcertificate i dtaca le próiseas na ngrád ríofa lena n-áirítear *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Scoláirí na hArdteistiméireachta* agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-orduithe Ranga a Sholáthar*. Cé go mb'fhéidir nach mbainfeadh an t-eolas ar fad go díreach le do chás féin, moltar duit an t-ábhar sin a léamh chomh maith le haon ábhar tacaíochta eile a foilsíodh go dtí seo chun go dtuigfidh tú próiseas na ngrád ríofa go hiomlán.

5.1 Clárú ar an tairseach agus leibhéal a dheimhniú

Ag an am seo, ba cheart go mbeifeá cláraithe ar Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí agus go mbeadh na leibhéal a thaispeántar deimhnithe agat, agus go léireodh siad na leibhéal a d'iontráil tú orthu roimhe seo, nó athrú chuig leibhéal níos ísle. Mura bhfuil tú cláraithe cheana féin ba cheart duit clárú láithreach, mar go gcaithfidh tú a bheith cláraithe chun a léiriú gur mian leat gráid ríofa a fháil sna seachtainí seo amach romhainn. Ní mór duit bheith cláraithe freisin chun rochtain a fháil ar do ghráid ríofa in am trátha agus chun rochtain a fháil ar na céimeanna deiridh den phróiseas, amhail céim na n-achomharc. Murar dheimhnigh tú na leibhéal trí thairseach na scoláirí, féadfaidh tú na leibhéal a dheimhniú ar an bhfoirm iarratais. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhféadfaidh tú leibhéal atá níos airde ná an leibhéal ag ar iontráladh thú i dtús báire a roghnú.

5.2 An fhoirm iarratais

Rachaidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa (OFGR) i dteagmháil leat ar ríomhphost agus cuirfidh siad na nithe seo a leanas ar fáil duit:

- Cóip den treoir seo
- Foirm dhigiteach chun iarratas a dhéanamh go gcuirfí san áireamh thú do ghráid ríofa i gceann amháin nó níos mó de na hábhair a bhfuil tú iontráilte ina leith (Aguisíní). Tá cóip den fhoirm dhigiteach sin ar fáil freisin le híoslódáil ar www.gov.ie/leavingcertificate.

An fhoirm iarratais a chomhlánú

Féadfaidh tú an fhoirm a chomhlánú go digiteach ach ní mór í a chur i gcló agus a shíniú. Beidh ort:

- Na leibhéal agus na hábhair atá deimhnithe agat cheana féin ar Thairseach an nGrád Ríofa do Scoláirí a liostú. Glacfar leis an iarratas seo mar dheimhniú deiridh ar do leibhéal. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhféadfaidh tú leibhéal atá níos airde ná an leibhéal ag ar iontráladh thú i dtús báire a roghnú.
- Eolas a thabhairt a bhaineann le do rannpháirtíocht sa teagasc i gcás gach ábhair, lena n-áirítear ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an mhúinteora/teagascóra, an t-ionad foghlama agus príomhoide/bainisteoir an ionaid foghlama sin (de réir mar is cuí). Tugann Cuid 4.2 níos luaithe sa doiciméad seo soiléireacht maidir leis na suíomhanna teagasc agus a bhfuil de dhíth i ngach suíomh

chun go nglacfar le meastachán. Bainimid feidhm as an eolas sin chun marc céatadáin measta a lorg ar do shon.

- Má tá an Ardteistiméireacht á déanamh an athuir agat, agus go ndearna tú na scrúduithe roimhe seo in 2018 nó in 2019, beidh ort ainm agus seoladh na scoile a raibh tú ar an rolla inti a chur ar fáil, an uair a rinne tú na scrúduithe roimhe seo agus ainm phríomhoide na scoile sin.
- Chun go gcaithfear go cothrom agus go cóir le gach scoláire, beidh ort an fhoirm iarratais a shíniú agus a dhearbú go bhfuil an t-eolas ar fad ceart. Tá gealltanais i dtaca le hoibiachtúlacht, comhionannas agus cothroime ag croílár shamhail na nGrád Ríofa agus dá bhrí sin tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an t-eolas go léir a chuireann tusa agus gach duine eile atá páirteach sa phróiseas faoi mar a bhaineann sé leatsa ceart.

Níor cheart duit aon ábhar breise a chur isteach le d'fhoirm iarratais. Ní bheidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa ná aon phearsanra a bhaineann léi páirteach in aon phróiseas a bhaineann le marc measta a ghiniúint, i gcás ar bith. Níl aon bhealach chun grád ríofa a fháil ach amháin trí mharc measta a sholáthar ó fhoinsé chuí. Faoi mar a léiríodh roimhe seo, níor cheart duit, i gcás ar bith, an próiseas meastacháin a phlé le duine ar bith a bheidh páirteach sa phróiseas.

An fhoirm iarratais a chur ar ais

Nuair atá sí comhlánaithe, ní mór duit an fhoirm iarratais a shíniú agus í a chur ar ais tríd an bpost cláraithe chuig Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa tráth nach déanaí ná an Déardaoin an 2 Iúil ag an seoladh seo a leanas:

Foghlaimoirí taobh amuigh den scoil,
Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa,
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí.

Ba cheart duit cóip de d'iarratais agus an admháil ar phostáil a choinneáil. Cuirfidh an Oifig Feidhmiúcháin ríomhphost chugat ag deimhniú go bhfuarthas d'iarratas.

6. Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a gheofar d'iarratas, breithneoidh an Oifig Feidhmiúcháin d'iarratas agus déanfar athbhreithniú ar an eolas go léir. Mar chuid de sin, déanfaidh an Oifig Feidhmiúcháin teagmháil le do mhúinteoir/theagascóir. Cuirfidh an Oifig Feidhmiúcháin do scrúduimhir ar fáil do do mhúinteoir/theagascóir chomh maith le deimhniú ar an leibhéal ar mian leat grád ríofa a fháil aige. Tá na treoracha a chuirfear ar fáil do do mhúinteoir/theagascóir agus do phríomhoide/bhainisteoir an ionaid foghlama san áireamh sna hAguisíní.

6.1 An próiseas meastacháin

Mar chuid den phróiseas meastacháin, breithneoidh do mhúinteoir/theagascóir an fhianaise go léir atá ar fáil dó/di chun teacht ar mharc céatadáin measta do d'fheidhmíocht ionchasach san ábhar a ndearna sé/sí thú a theagasc ann. Beidh air/uirthi a dheimhniú ar Fhoirm A1 go bhfuil fianaise shásúil, iontaofa aige/aici chun an meastachán a bhunú uirthi. Beidh air/uirthi

a dheimhniú freisin gur ghlac tú páirt ina c(h)uid teagaisc, ar bhonn rialta ar feadh tréimhse leanúnach. Nuair is gá maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas meastacháin, beidh ar príomhoide/bhainisteoir an ionaid foghlama a dheimhniú gur ghlac tú páirt sa teagasc agus go bhfuil sé/sí sásta gur meastachán cóir agus bailí é an meastachán. Má tá scrúduithe na hArdteistiméireachta á ndéanamh an athuair agat, d'fhéadfadh sé gurb é/í príomhoide na scoile a raibh tú ar an rolla inti nuair a rinne tú na scrúduithe (2018 nó 2019) a bheadh ag cur an phróisis deimhnithe sin i gcrích i do chás-sa.

6.2 Cinneadh ar d'iarratas

Déanfaidh an Oifig Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an eolas go léir nuair a gheobhaidh siad an meastachán (na meastacháin). Rachfar i dteagmháil leat nuair a bheidh cinneadh déanta maidir le d'iarratas chun a chur in iúl duit pé acu an rabhthas nó nach rabhthas ábalta glacadh le marc céatadáin measta ar do shon, ar marc é a cheadódh Grád Ríofa a ghiniúint.

6.3 An próiseas achomhairc i dtaca leis an gcinneadh

Más rud é gur cinneadh nárbh fhéidir glacadh le marc céatadáin measta ar do shon, ar marc é a cheadódh grád ríofa a ghiniúint, cuirfear an cinneadh sin in iúl duit agus an chúis (na cúiseanna) a bhí leis an gcinneadh. Tabharfar deis duit achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh agus beidh ort forais don achomharc sin a leagan amach. Beidh athbhreithniú iomlán ar an bhfianaise go léir ar bunaíodh an cinneadh tosaigh uirthi san áireamh sa phróiseas achomhairc. Má tá tú míshásta go fóill le toradh an achomhairc, beidh teacht agat ar phróiseas neamhspleách um achomhairc a iniúchadh ina ndéanfar athbhreithniú chun a fháil amach ar cuireadh na próisis go léir i gcrích mar ba cheart.

Eiseofar tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas achomhairc in éineacht le fógra an chinnidh.

Ba cheart duit a thabhairt faoi deara go mbeidh achair ama a bheidh an-docht i gceist leis na próisis achomhairc agus leis na próisis iniúchta.

7. Tuilleadh eolais

7.1 Caighdeánú sonraí ag an Roinn

Déanfar sonraí an mheastacháin a chomhcheangal le sonraí stairiúla trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú chun an grád ríofa a ghiniúint duitse i ngach ábhar. Bainfear feidhm as an bpróiseas caighdeánaithe sin lena chinntiú go léireoidh na gráid ríofa caighdeán atá ailínithe i gceart le caighdeán coiteann náisiúnta.

7.2 Eisiúint na dtorthaí sealadacha agus an próiseas achomhairc i gcomhair gráid ríofa

Tar éis an phróisis caighdeánaithe, déanfar do mharcanna ríofa a thiontú ina ngráid ríofa, agus eiseofar na gráid sin chugat. Léireofar na gráid ríofa ar an mbealach céanna atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le gráid na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal grád 1, etc.

Faoi mar atá soiléirithe cheana féin sa *Treoir maidir le Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020*, ní chuimseoidh an scóip a bheidh ag an achomharc in aghaidh grád ríofa athchuart ar na breithiúnais ghairmiúla a rinne do mhúinteoir/theagascóir nó príomhoide/bainisteoir an ionaid foghlama agus marcanna céatadáin measta á nginiúint aige/aici agus ní chuimseoidh sí agóid in aghaidh na mbreithiúnas sin. Dá réir sin, ní dhéanfar aon doiciméid seachas an Fhoirm A1 dheirdh agus í comhlánaithe agus d'fhoirm iarratais, a bhreithniú mar chuid d'achomharc.

Eiseofar tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas achomharc i gcomhair grád ríofa in am trátha.

7.3 Na scrúduithe a bheidh ar siúl amach anseo

Tabharfar deis duit na scrúduithe a dhéanamh amach anseo chomh luath agus a bheidh sé indéanta agus sábháilte iad a reáchtáil. Tá na scrúduithe sin á mbreithniú agus eiseofar tuilleadh eolais maidir leo in am trátha.

7.4 Cosaint Sonraí

Is í an phríomhchúis a dteastaíonn na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ón Roinn Oideachais agus Scileanna ná chun Gráid Ríofa a chur ar fáil duit sa chás go roghnaíonn tú iad a fháil. Tá an fógra príobháideachta ina dtugtar eolas breise ar úsáid sonraí pearsanta sa phróiseas seo chomh mhaith le sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na Roinne ar fáil ag www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection.

Ní bheidh ar do chumas sonraí an eolais a soláthraíodh d'Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa i do leith a fháil sular n-eiseofar na torthaí.

De réir na reachtaíochta maidir le Cosaint Sonraí, ceadaítear srianta a chur ar rochtain ar shonraí pearsanta de chineálachta áirithe, torthaí scrúduithe ina measc. Ní bheidh iarratais i dtaca le rochtain a fháil ar mharcanna céatadáin measta ag feidhmiú go dtí an dáta ar a n-eiseofar na gráid ríofa. Nuair a bheidh na gráid ríofa eisithe, féadfaidh tú rochtain a fháil ar an eolas sin.

7.5 Tacaíocht agus eolas

Má theastaíonn soiléiriú uait maidir le cuid ar bith den eolas sa treoir seo nó má theastaíonn cúnamh uait maidir leis an bpróiseas seo seol ríomhphost chuig lc2020learnersoutofschool@education.gov.ie.

Féadfaidh tú freisin glaoch teileafóin a chur ar (090644) 2776 / 2783 / 2786 ó 10:00 go 13:00 agus ó 14:00 go 16:00 gach lá ón Aoine an 26 Meitheamh go dtí an Déardaoin an 2 Iúil.

Aguisíní

- **Treoracha do Mhúinteoirí/Theagascóirí agus do Dhaoine Eile a mbeidh baint acu le Marc Céatadáin Measta a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil**
- **Foirm A1 – Marc céatadáin measta d'fhoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil ar foghaimeoirí iad a bhí páirteach i dteagasc rialta thar thréimhse leanúnach**
- **Iarratas ó fhoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil le go gcuirfí in áireamh do Ghrád Ríofa iad**

Treoracha do Mhúinteoirí/Theagascóirí agus do Dhaoine Eile a mbeidh baint acu le Marc Céatadáin Measta a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil

1. Réamhrá

Is ann do na treoracha seo chun cuidiú le múinteoirí/teagascóirí agus le príomhoidí agus bainisteoirí ar ionaid foghlama sa phróiseas meastacháin d'fhoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil, ar foghlaimeoirí iad a raibh siad ag plé leo maidir lena gcuid staidéir don Ardeistiméireacht 2020. Tugtar eolas sonrath maidir leis an bpróiseas faoi mar a bhaineann sé leis an ngrúpa scoláirí seo sa *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil*. Leagtar amach inti na prionsabail a chuireann taca faoi chóras na nGrád Ríofa d'fhoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil agus tugtar breac-chuntas inti ar na suíomhanna ina bhféadadh sé go bhfuair an grúpa scoláirí seo teagasc iontu, ar suíomhanna iad a d'fhéadfadh an fhianaise shoiléir iontaofa a chur ar fáil a bhféadfaí an marc céatadáin measta a bhunú uirthi.

Ba cheart na treoracha seo a léamh i gcomhar leis an *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-orduithe Ranga a Sholáthar* agus gach eolas eile maidir le córas na nGrád Ríofa don Ardeistiméireacht 2020, atá ar fáil ar www.gov.ie/leavingcertificate. Cé go mb'fhéidir nach mbeadh an t-eolas ar fad sa Treoir do Scoileanna infheidhme i gcomhthéacs foghlaimeoirí taobh amuigh den scoil, baineann an t-eolas maidir le teacht ar mheastachán agus na prionsabail uileghabhálacha i dtaca le hoibiachtúlacht, cothromas agus cothroime, faoi mar atá siad leagtha amach sa treoir do scoileanna, leis an bpróiseas meastacháin d'fhoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil.

2. Gach a n-iarrtar ar mhúinteoirí/theagascóirí a dhéanamh

Iarrtar ar mhúinteoirí/theagascóirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid, agus leas á bhaint acu as taifid atá ann cheana féin agus as fianaise atá ar fáil, chun teacht ar mharc measta do scoláire a bhí páirteach i dteagasc leo ar bhonn rialta thar thréimhse leanúnach le linn a gcuid staidéir don Ardeistiméireacht 2020. Tá sé riachtanach gur múinteoirí cláraithe atá iontu, nó a bhí iontu, roimhe seo.

Nuair atá an teagascóir páirteach in ionad foghlama amhail 'scoil dianteagaisc', coláiste príobháideach etc. agus nach múinteoir cláraithe é/í agus nárbh ea riamh, ní mór don teagascóir dul i gcomhairle le príomhoide/bainisteoir an ionaid, agus cuirfidh sise/seisean maoirseacht ar an bpróiseas meastacháin ar fáil ar an gcoinníoll gur múinteoir cláraithe atá nó a bhí ann/intí. Nuair atá an t-ionad aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe, níl sé go hiomlán go mbeadh múinteoir cláraithe páirteach.

I gcás scoláirí atá ag déanamh na hArdeistiméireachta an athair in 2020, agus a rinne an scrúdú roimhe seo in 2018 nó in 2019, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an múinteoir/teagascóir comhoibriú le príomhoide na scoile a raibh an scoláire ar an rolla inti roimhe seo, mar chuid den phróiseas meastacháin.

3. Gach a n-iarrtar ar phríomhoídí/bhainisteoirí ionad foghlama a dhéanamh

Sa chás go bhfuil scoláire páirteach sa teagasc in ionad foghlama, ní mór don phríomhoide/bhainisteoir maoirseacht ar an bpróiseas meastacháin a sholáthar agus dul i gcomhairle leis an múinteoir/teagascóir. Nuair atá scoláirí ag déanamh a gcuid scrúduithe an athuair, agus nuair nach raibh an teagascóir cláraithe mar mhúinteoir riamh, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar phríomhoide na scoile a raibh an scoláire ar an rolla inti roimhe seo cuidiú leis an bpróiseas meastacháin agus síniú a chur leis don scoláire lena mbaineann.

4. Forléargas ar an bpróiseas meastacháin d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil

Rachaidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa (OFGR) i dteagmháil leis an múinteoir/teagascóir agus cuirfidh siad na doiciméid agus an t-eolas ábhartha ar aghaidh, lena n-áirítear scrúduithe an scoláire agus deimhniú ar an leibhéal a bhfuil an scoláire iontráilte dó. I gcás scoláirí a bhfuil na scrúduithe á ndéanamh an athuair acu, agus a rinne na scrúduithe cheana féin in 2018 nó in 2019, rachaidh OFGR, áit a bhfuil sé sin riachtanach de bharr cúinsí ar leith, i dteagmháil freisin le príomhoide na scoile ina ndearna an scoláire na scrúduithe roimhe seo, chun cúnamh a lorg uaidh/uaithe i dtaca le maoirseacht a dhéanamh ar mharc céatadáin measta a chuir teagascóir ar fáil.

Ní mór na doiciméid go léir a léamh sula gcuirfear tús leis an bpróiseas meastacháin. Tá siad sin ar fáil ag www.gov.ie/leavingcertificate agus ba cheart go mbeidís seo a leanas san áireamh iontu:

- *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil*, ina leagtar amach an próiseas a bhaineann le gráid ríofa don ghrúpa scoláirí seo.
- *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-orduithe Ranga a sholáthar*. Go háirithe Cuid II Ailt 6, 7 agus 8, ina dtugtar treoir maidir le marcanna a mheas. I gCuid III, Alt 14.1, tugtar eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar agus a bheidh ag teastáil sa phróiseas meastacháin.
- San Fhorlónadh atá leis an *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar*, tugtar eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le claontacht neamh-chomhfhiosach a sheachaint sa phróiseas.

Nuair a bheidh athbhreithniú déanta ar na doiciméid teorach agus an fhianaise bailithe, ba cheart don mhúinteoir/teagascóir an fhianaise go léir a bhreithniú i gcomhthéacs na teorach a tugadh, chun teacht ar an marc céatadáin measta is dóichí a bhainfeadh an scoláire amach ag an leibhéal lena mbaineann. Ba cheart go mbeadh an meastachán bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an mhúinteora/teagascóra, agus cothromaíocht á haimsiú idir na foinsí éagsúla fianaise faoi mar atá leagtha amach sa *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar*. Ba cheart don mhúinteoir/teagascóir na codanna ábhartha d'Fhoirm A1 a chomhlánú. Sa chás nach múinteoir cláraithe an múinteoir/teagascóir, ba cheart go gcomhoibredh príomhoide/bainisteoir an ionaid foghlama leis an múinteoir/teagascóir. Nuair atá príomhoide/bainisteoir an ionaid sásta gur marc cóir agus cothrom atá sa mheastachán agus go bhfuil sé bunaithe ar fhianaise iontaofa, ba cheart dó/di an chuid ábhartha d'Fhoirm A1 a chomhlánú (Aguisíní).

Sa chás go bhfuil an scoláire ag déanamh na scrúduithe an athuair agus nach múinteoir cláraithe an múinteoir/teagascóir, d'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag príomhoide na scoile ina ndearna an scoláire scrúduithe na hArdteistiméireachta roimhe seo leis an bpróiseas comhoibríoch sin. Cuirfidh OFGR an t-eolas cuí ar fáil i gcásanna den chineál sin.

Níor cheart don mhúinteoir/teagascóir ná don phríomhoide/bhainisteoir a bheith i dteagmháil leis an scoláire ag am ar bith maidir leis an meastachán. Tá líon bealaí ann, i gcomhthéacs na suíomhanna éagsúla teagaisc, ina bhféadfar marc céatadán measta atá inghlactha a fhoinsiú agus leagtar amach thíos an próiseas a bhaineann le gach bealach acu.

4.1 An próiseas chun teacht ar mharc measta de réir shuíomh an teagaisc

4.1.1 Bealach a haon:

Nuair atá scoláire nasctha le hionad foghlama (scoil dianteagaisc, coláiste príobháideach etc.) nach bhfuil aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe, féadfaidh an múinteoir/teagascóir marc measta a chur ar fáil don ábhar a bhfuil sé/sí ag cur an teagaisc ar fáil ann. Ní mór do phríomhoide/bhainisteoir an ionaid maoirseacht ar an meastachán a chur ar fáil tar éis dul i gcomhar leis an múinteoir/teagascóir agus é/í a bheith sásta go bhfuil dóthain fianaise atá iontaofa agus oiriúnach ar fáil chun an meastachán a bhunú uirthi.

Na critéir chun glacadh le marc measta:

- Ní mór don mhúinteoir/teagascóir nó don phríomhoide/bhainisteoir a bheith cláraithe mar mhúinteoir faoi láthair nó roimhe seo agus gan é/í a bheith bainte den chlár ar chúis amhail mí-iompar gairmiúil.
- Ní mór go mbeadh an scoláire páirteach i dteagasc go rialta thar thréimhse leanúnach (teagasc ar cheart é a bheith tugtha chun críche ar an 11 Bealtaine nó roimhe sin, ar aon dul le gach teagasc eile do scoláirí na hArdteistiméireachta). Ní fhéadfar trialacha, measúnuithe ná tascanna sa bhreis a leagan amach i ndiaidh an dáta sin ar mhaithe le marc céatadán measta a chinneadh.
- Ní mór nach mbeadh aon teagmháil idir an scoláire agus an múinteoir/teagascóir i ndiaidh an 11 Bealtaine maidir leis an bpróiseas meastachán mar go mbainfeadh sé sin d'ionracas an phróisis.

An Próiseas:

- Rachaidh OFGR i dteagmháil leis an múinteoir/teagascóir, cuirfidh siad na doiciméid ar aghaidh chuige/chuici agus cuirfidh siad in iúl dó/di go bhfuil an t-ábhar go léir ar fáil freisin ar www.gov.ie/leavingcertificate.
- Cuirfidh OFGR scrúduimhir an scoláire ar aghaidh freisin chomh maith le deimhniú ar an leibhéal a bhfuil an scoláire iontráilte dó.
- Léifidh an múinteoir/teagascóir na doiciméid ábhartha go léir lena n-áirítear *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil*, agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar* (go háirithe Ailt 6, 7, 8 agus 14.1). Cuideoidh sé sin leis an múinteoir/teagascóir chun réimse fianaise a aithint lena breithniú agus chun eolas a chur ar an mbealach leis an bpróiseas meastachán a chur i gcrích.
- Nuair a bheidh an fhianaise bailithe ag an múinteoir/teagascóir, déanfaidh sé/sí an fhianaise a bhreithniú agus úsáidfí sé/sí a b(h)reithiúnas gairmiúil chun teacht ar mharc céatadán measta, má tá sé/sí sásta gur ann d'fhianaise iontaofa chun an meastachán a bhunú uirthi.

- Ba cheart ansin go ndéanfadh an múinteoir/teagascóir na codanna ábhartha d'Fhoirm A1 a chomhlánú agus an dearbhú a dheimhníonn gur leanadh na próisis go léir a shíniú.
- Nuair a bheidh Foirm A1 comhlánaithe ag an múinteoir/teagascóir, ba cheart go rachadh an príomhoide/bainisteoir i gcomhar leis an múinteoir/teagascóir maidir leis an meastachán.
- Nuair a bheidh an príomhoide/bainisteoir sásta gurbh ann d'fhianaise iontaofa, shásúil chun an meastachán a bhunú uirthi agus gur marc bailí agus cóir atá sa mheastachán, ba cheart don phríomhoide/bhainisteoir na codanna ábhartha den Fhoirm A1 a chuir an múinteoir/teagascóir ar fáil dó/di a chomhlánú. Ba cheart dó/di a s(h)íniú a chur le Foirm A1, ag deimhniú an mheastacháin agus ag deimhniú gur leanadh na próisis go léir.
- Ba cheart don phríomhoide/bhainisteoir an Fhoirm A1 agus í comhlánaithe a sheoladh chuig OFGR tríd an bpost cláraithe. Ba cheart don phríomhoide/bhainisteoir cóip a choinneáil in áit shábháilte nó go mbeidh an próiseas achomharc críochnaithe. Ba cheart an admháil ar phostáil a choinneáil freisin.
- Ba cheart na dréacht-doiciméid go léir a chur de lámh go slán ag an bpointe sin.
- Níor cheart don mhúinteoir/teagascóir ná don phríomhoide/bhainisteoir a bheith i dteagmháil leis an scoláire ag am ar bith maidir leis an meastachán.

4.1.2 Bealach a dó:

Nuair atá scoláire páirteach in ionad foghlama (scoil dianteagaisc, coláiste príobháideach etc.) atá aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe, féadfaidh an múinteoir/teagascóir marc measta a chur ar fáil. Ní mór go ndéanfadh príomhoide/bainisteoir an ionaid maoirseacht ar an meastachán a sholáthar. Ó tharla go bhfuil an t-ionad sin aitheanta chun críocha scrúdaithe, agus go mbeadh sé rannpháirteach i bpróiseas na ngrád ríofa dá scoláirí lánaimseartha, níl sé go hiomlán riachtanach go mbeadh múinteoir cláraithe páirteach sa suíomh sin.

Ba cheart próiseas atá ar aon dul le bealach a haon thuas a leanúint. Níl an riachtanas a bhaineann le múinteoir cláraithe (faoi láthair nó roimhe seo) mar cheann de na critéir chun go nglacfaí le marc measta infheidhme sa chás sin.

4.1.3 Bealach a trí:

Nuair atá scoláire páirteach le múinteoir cláraithe (atá cláraithe anois nó a bhí cláraithe roimhe seo) taobh amuigh d'aon ionad foghlama, féadfaidh an múinteoir marc céatadáin measta a chur isteach má tá sé/sí sásta gur ann d'fhianaise shásúil, iontaofa, chun an meastachán a bhunú uirthi.

Na critéir chun glacadh le marc measta:

- Ní mór don mhúinteoir a bheith cláraithe mar mhúinteoir faoi láthair nó roimhe seo agus gan é/í a bheith bainte den chlár ar chúis amhail mí-iompar gairmiúil.
- Ní mór go mbeadh an scoláire páirteach i dteagasc go rialta thar thréimhse leanúnach (teagasc ar cheart é a bheith tugtha chun críche ar an 11 Bealtaine nó roimhe sin, ar aon dul le gach teagasc eile do scoláirí na hArdteistiméireachta).
- Ní mór nach mbeadh aon teagmháil idir an scoláire agus an múinteoir/teagascóir i ndiaidh an 11 Bealtaine maidir leis an bpróiseas meastacháin mar go mbainfeadh sé sin d'ionracas an phróisis. Ní fhéadfar trialacha, measúnuithe ná tascanna sa bhreis

a leagan amach i ndiaidh an dáta sin ar mhaithe le marc céatadán measta a chinneadh.

An Próiseas:

- Rachaidh OFGR i dteagmháil leis an múinteoir, cuirfidh siad na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuige/chuici agus cuirfidh siad in iúl dó/di go bhfuil an t-ábhar go léir ar fáil freisin ar www.gov.ie/leavingcertificate. Cuirfidh OFGR scrúduithe an scoláire ar aghaidh freisin chomh maith le deimhniú ar an leibhéal a bhfuil an scoláire iontráilte dó.
- Léifidh an múinteoir na doiciméid ábhartha go léir lena n-áirítear *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil*, agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar* (go háirithe Ailt 6, 7, 8 agus 14.1). Cuideoidh sé sin leis an múinteoir chun réimse fianaise a aithint lena breithniú agus chun eolas a chur ar an mbealach leis an bpróiseas meastachán a chur i gcrích.
- Nuair a bheidh an fhianaise bailithe ag an múinteoir, déanfaidh sé/sí an fhianaise a bhreithniú agus úsáidfidh sé/sí a b(h)reithiúnas gairmiúil chun teacht ar mharc céatadán measta, má tá sé/sí sásta gur ann d'fhianaise iontaofa, shásúil chun an meastachán a bhunú uirthi.
- Ba cheart ansin go ndéanfaidh an múinteoir na codanna ábhartha d'Fhoirm A1 a chomhlánú agus an dearbhú a dheimhniú gur leanadh na próisis go léir a shíniú.
- Ba cheart don mhúinteoir Foirm A1 agus í comhlánaithe a sheoladh chuig OFGR tríd an bpost cláraithe. Ba cheart don mhúinteoir cóip a choinneáil in áit shábháilte nó go mbeidh an próiseas achomharc críochnaithe. Ba cheart an admháil ar postáil a choinneáil freisin.
- Ba cheart na dréacht-doiciméid go léir a chur de lámh go slán ag an bpointe sin.
- Níor cheart don mhúinteoir a bheith i dteagmháil leis an scoláire ag am ar bith maidir leis an meastachán.

4.1.4 Bealach a ceathair:

Nuair atá scoláire ag déanamh na hArdteistiméireachta an athair in 2020, agus go ndearna sé/sí an Ardeistiméireacht roimhe seo in 2018 nó in 2019 agus go bhfuil sé/sí:

- Ag fáil teagasc ar bhonn duine le duine le teagascóir nach múinteoir cláraithe é/í (faoi láthair nó roimhe seo) nó
- Nasctha le hionad foghlama nach bhfuil aitheanta ag CSS chun críocha scrúduithe, áit nach bhfuil nó nach raibh an teagascóir ná an príomhoide/bainisteoir ina múinteoirí cláraithe.

Na critéir chun glacadh le marc measta:

- Sa chás nach múinteoir cáilithe an teagascóir ná an príomhoide/bainisteoir (nuair is ábhartha), d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an scoil ina ndearna an scoláire scrúduithe na hArdteistiméireachta roimhe seo maoirseacht ar fáil agus go gcuideodh sí le síniú a chur leis an meastachán
- Ní mór don teagascóir fianaise bhreise a sholáthar, a mbeadh an príomhoide sásta léi, ar rannpháirtíocht bhreise an scoláire in c(h)uid foghlama ó rinne sé/sí an Ardeistiméireacht roimhe seo

- Ní mór go mbeadh an scoláire páirteach i dteagasc go rialta thar thréimhse leanúnach (teagasc ar cheart é a bheith tugtha chun críche ar an 11 Bealtaine nó roimhe sin, ar aon dul le gach teagasc eile do scoláirí na hArdteistiméireachta). Ní fhéadfar trialacha, measúnuithe ná tascanna sa bhreis a leagan amach i ndiaidh an dáta sin ar mhaithe le marc céatadáin measta a chinneadh.
- Ní mór nach mbeadh aon teagmháil idir an scoláire agus an teagascóir i ndiaidh an 11 Bealtaine maidir leis an bpróiseas meastacháin mar go mbainfeadh sé sin d'ionracas an phróisis.

An Próiseas:

- Rachaidh OFGR i dteagmháil le príomhoide na scoile chun é/í a chur ar an eolas faoin bpróiseas agus chun a chur in iúl dó/di go mbeidh an teagascóir i dteagmháil leis/léi go luath.
- Rachaidh OFGR i dteagmháil leis an teagascóir, cuirfidh siad na doiciméid ábhartha ar aghaidh chuige/chuici agus cuirfidh siad in iúl dó/di go bhfuil an t-ábhar go léir ar fáil freisin ar www.gov.ie/leavingcertificate. Cuirfidh OFGR scrúduimhir an scoláire ar aghaidh freisin chomh maith le deimhniú ar an leibhéal a bhfuil an scoláire iontráilte dó.
- Léifidh an teagascóir na doiciméid ábhartha go léir lena n-áirítear *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil*, agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta agus Rang-Orduithe Ranga a Sholáthar* (go háirithe Ailt 6, 7, 8 agus 14.1), chomh maith leis an treoir fhorlíontach a cuireadh ar fáil. Cuideoidh sé sin leis an múinteoir chun réimse fianaise a aithint lena breithniú agus chun eolas a chur ar an mbealach leis an bpróiseas meastacháin a chur i gcrích.
- Nuair a bheidh an fhianaise bailithe ag an teagascóir, déanfaidh sé/sí an fhianaise a bhreithniú agus úsáidfidh sé/sí a b(h)reithiúnas gairmiúil chun teacht ar mharc céatadáin measta, má tá sé/sí sásta gur ann d'fhianaise iontaofa, shásúil chun an meastachán a bhunú uirthi.
- Ba cheart ansin go ndéanfaidh an teagascóir na codanna ábhartha ar Fhoirm A1 a chomhlánú agus an dearbhú a dheimhniú gur leanadh na próisis go léir a shíniú.
- Rachaidh an teagascóir i dteagmháil leis an bpríomhoide ansin agus socróidh sé/sí comhoibriú leis/léi i dtaca leis an meastachán.
- Nuair a bheidh an príomhoide sásta gur ann d'fhianaise iontaofa, shásúil chun an meastachán a bhunú uirthi agus gur marc bailí agus cóir atá sa mheastachán, ba cheart don phríomhoide na codanna ábhartha ar Fhoirm A1 a chuir an teagascóir ar fáil dó/di a chomhlánú. Ba cheart dó/di a s(h)íniú a chur le Foirm A1, ag deimhniú an mheastacháin agus ag deimhniú freisin gur leanadh na próisis go léir.
- Ba cheart don phríomhoide Foirm A1 agus í comhlánaithe a sheoladh chuig OFGR tríd an bpost cláraithe. Ba cheart don phríomhoide cóip a choinneáil in áit shábháilte nó go mbeidh an próiseas achomharc críochnaithe. Ba cheart an admháil ar phostáil a choinneáil freisin.
- Ba cheart na dréacht-doiciméid go léir a chur de lámh go slán ag an bpointe sin.
- Níor cheart don teagascóir ná don phríomhoide a bheith i dteagmháil leis an scoláire ag am ar bith maidir leis an meastachán.

5. An próiseas achomharc do ghráid ríofa

Faoi mar atá soiléirithe cheana féin sa *Treoir maidir le Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020*, ní chuimseoidh an scóip a bheidh ag an achomharc in aghaidh grád ríofa athchuart ar na breithiúnais ghairmiúla a rinne an múinteoir/teagascóir nó príomhoide/bainisteoir an ionaid foghlama agus marcanna céatadán measta á nginiúint aige/aici agus ní chuimseoidh sí agóid in aghaidh na mbreithiúnas sin. Dá réir sin, ní dhéanfar aon doiciméid seachas an Fhoirm A1 dheiridh agus í comhlánaithe agus foirm iarratais an scoláire, a bhreithniú mar chuid den achomharc.

Eiseofar tuilleadh eolais maidir leis an bpróiseas achomharc i gcomhair gráid ríofa in am trátha.

6. Eolas eile

Foirm A1 a chur ar ais

Ba cheart an próiseas a bhaineann le teacht ar mharc meastacháin a chur i gcrích chomh tráthúil agus is féidir. Nuair atá OFGR tar éis teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir/teagascóir, ba cheart Foirm A1 a chur ar ais laistigh de chúpla lá.

Nuair atá an próiseas meastacháin curtha i gcrích ag an múinteoir nó ag an bpríomhoide/mbainisteoir (de réir mar is ábhartha), ba cheart Foirm A1 agus í sínithe a sheoladh ar ais chuig Foghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil, Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.

Ba cheart cóip den fhoirm agus an admháil ar phostáil a choinneáil.

Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa

Féadfar teagmháil a dhéanamh le hOifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa ag lc2020learnersoutofschool@education.gov.ie má theastaíonn soiléiriú nó cúnamh uait maidir leis an bpróiseas seo.



An Ardteistiméireacht 2020

Marc céatadán measta d'fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil, ar foghlaimoirí iad a bhí páirteach i dteagasc rialta thar thréimhse leanúnach

Ba cheart duit an *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil* a léamh sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo. Cé nach bhfuil na scoláirí ag freastal ar scoil aitheanta sna cásanna seo chun críocha scrúduithe, is gá duit an *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta agus Rang-orduithe Ranga a Sholáthar* a léamh freisin. Tabharfaidh na doiciméid sin cúnamh duit leis an bpróiseas meastacháin de réir mar a oireann sé do chomhthéacs na bhfoghlaimoirí taobh amuigh den scoil.

Tabhair do d'aire, sa chás nach bhfuil an múinteoir/teagascóir ná príomhoide/bainisteoir ionaid (nach bhfuil aitheanta ag CSS chun críocha scrúdaithe) ina múinteoirí cláraithe agus nach raibh riamh, ní fhéadfaidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa grád ríofa a chur ar fáil don scoláire sin.

Comhlánaigh cóip amháin do gach scoláire agus do gach ábhar a bhfuil tú ag soláthar teagasc ann. Ná nocht na marcanna measta don scoláire agus ná déan do mheastachán ar fheidhmíocht dhóchúil an scoláire a phlé leis/léi ar bhealach ar bith.

1. Scoláire, ábhar agus sonraí an leibhéil

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Ábhar:	
Leibhéal, faoi mar atá deimhnithe ag OFGR:	
Ainm an Mhúinteora/an Teagascóra	
Uimhir chláráithe an Mhúinteora/an Teagascóra (nuair is infheidhme)	

Tabhair faoi deara: Nuair a fhágtar uimhir chláráithe an mhúinteora ar lár, glactar leis go gciallaíonn sé sin nach bhfuil an teagascóir cláraithe mar mhúinteoir agus nach raibh riamh.

2. An t-eolas ábhartha a breithníodh

Tá an t-eolas ábhartha ar fad a bhí ar fáil dom maidir le leibhéil gnóthachtálacha an scoláire seo san ábhar mar thoradh ar bheith i mbun teagasc leis/léi curtha san áireamh agam mar seo a leanas

mo thaithí ar bheith ag obair leis an scoláire agus caighdeán a c(h)uid tascanna	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
mo thaifid féin ar obair, ar leibhéal gnóthachtála an scoláire	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
marcanna, gráid agus eolas eile a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a bhí ar fáil dom de bharr mo chuid teagmhála leis an scoláire	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
caighdeán na hoibre a léiríodh in aon obair chúrsa de chuid scrúdú na hArdteistiméireachta a cuireadh i gcrích go hiomlán nó go páirteach	Tá <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>

Ina theannta sin, agus an marc céatadán measta a cuireadh isteach á chinneadh agam,

Chuir mé aon mharcanna bónais a bheadh le fáil ag an scoláire as freagairt trí Ghaeilge san áireamh.	Chuir <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>
Bhunaigh mé mo mheastachán ar an tuiscint go mbeadh aon socruithe réasúnacha a ceadaíodh ar fáil.	Bhunaigh <input type="checkbox"/> Ní bhaineann le hábhar <input type="checkbox"/>



3. Marc céatadáin measta

Cuir isteach an marc céatadáin measta foriomlán a bheadh le fáil ag an scoláire sin, i do thuairim féin, dá mba rud é nár tharla an cur isteach de bharr COVID-19 riamh. Ba cheart go léireodh an meastachán feidhmíocht fhoriomlán ilchodach san ábhar, agus go ndéanfaí gach comhpháirt den scrúdú (scríofa, praiticiúil, obair chúrsa, béaltriall, cluastuiscint) a bhreithniú i gcomhréir leis an ualú cuí don chomhpháirt sin.

Marc céatadáin measta:	%
------------------------	---

4. Dearbhú maidir le marc measta an mhúinteora/an teagascóra

Deimhním:

- go raibh an scoláire páirteach i dteagasc ar bhonn rialta thar thréimhse leanúnach san ábhar seo
- go ndearna mé gach iarracht réasúnach chun an méid den eolas ábhartha agus ab fhéidir a chur le chéile
- go ndearna mé na sonraí agus mo thaithí ar bheith ag obair leis an scoláire seo a bhreithniú mar is cuí.
- go ndearna mé machnamh ar a mhéad agus a bhain scoláirí eile a theagasc mé roimhe seo gráid Ardeistiméireachta amach, ar gráid iad a bhí ag teacht le mo chuid ionchas
- nach mbaineann aon choimhlint leasa le mo rannpháirtíocht sa phróiseas seo i gcás an scoláire seo
- i ndiaidh na mbreithnithe sin, gurb ionann an meastachán agus mo bhreithiúnas gairmiúil i dtaca leis an marc céatadáin foriomlán arb é an marc é is dóichí a bheadh le fáil ag an scoláire sin dá mba rud é nár tharla an cur isteach de bharr víreas COVID-19 riamh, agus go ndeachaigh na scrúduithe ar aghaidh mar ba ghnách.

Síniú an Mhúinteora/an Teagascóra:	Dáta:
------------------------------------	-------

5. Dearbhú phríomhoide nó bhainisteoir an ionaid de réir mar is cuí

Deimhním:

- go raibh an scoláire páirteach i dteagasc ar bhonn rialta thar thréimhse leanúnach san ábhar seo
- gur phléigh mé an próiseas agus an fhianaise ar bunaíodh an meastachán uirthi leis an múinteoir/teagascóir agus gur dheimhnigh mé leis/léi gur cuireadh an próiseas i gcrích i gcomhréir leis an treoir a cuireadh ar fáil
- go ndearna mé gach iarracht réasúnach chun ionracas an eolais agus an mheastacháin a cuireadh ar fáil a chinntiú
- nach mbaineann aon choimhlint leasa le mo rannpháirtíocht sa phróiseas seo i gcás an scoláire seo.

Síniú:	Príomhoide/Bainisteoir <input type="checkbox"/>	Dáta:
Uimhir chláráithe múinteora an Phríomhoide nó an Bhainisteora (nuair is infheidhme)		
Ainm an ionaid (nuair is infheidhme)		

Tabhair faoi deara: Nuair a fhágtar uimhir chláráithe an mhúinteora ar lár, glactar leis go gciallaíonn sé sin nach bhfuil an príomhoide/bainisteoir cláráithe mar mhúinteoir agus nach raibh riamh.

Ní mór na dearbhuithe thuas a shíniú. Má dhéantar an fhoirm a chomhlánú go digiteach, ní mór í a chur i gcló agus a shíniú.

Ní mór an fhoirm shínithe a chur ar ais tríd an bpost cláráithe chuig Foghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil, Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí.



An Ardteistiméireacht 2020

Iarratas ó fhoghlaimoirí taobh amuigh den scoil le go gcuirfí san áireamh do Ghrád Ríofa iad

Léigh an *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil* sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo.

Ní mór do gach scoláire Cuid 1, 2 agus 4 a chomhlánú. Ní mór do scoláirí a bhfuil scrúdú na hArdteistiméireachta á dhéanamh an athair acu agus a rinne na scrúduithe roimhe seo in 2018 nó in 2019, Cuid 3 a chomhlánú.

Fiú má dheimhnigh tú an leibhéal ag a bhfuil gach ábhar á ghlacadh agat ar Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí, glactar leis an iarratas seo mar dheimhniú deiridh ar do leibhéal. **Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhféadfaidh tú leibhéal atá níos airde ná an leibhéal ag ar iontráladh thú i dtús báire a roghnú.**

Tabhair do d'aire freisin nach bhféadfaimid grád ríofa a bhronnadh ort in ábhar mura raibh tú páirteach i dteagasc rialta le múinteoir nó le teagascóir oiriúnach thar thréimhse leanúnach. Féach an treoir i gcomhair sonraí.

Níor cheart duit aon ábhar breise a chur isteach le d'fhoirm iarratais. Ní bheidh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa páirteach in aon phróiseas a bhaineann le marc measta a ghiniúint, i gcás ar bith.

1. Sonraí an scoláire

Ainm an scoláire:	
Scrúduimhir an scoláire:	
Deimhniú ar sheoladh ríomhphoist:	
Uimhir theileafóin:	

2. Dearbhú an scoláire

Deimhním:

- go bhfuilim toilteanach go ndéanfadh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa teagmháil leis an múinteoir/teagascóir agus nó leis an ionad ainmnithe (de réir mar is infheidhme) chun eolas a fháil fúm don phróiseas seo
- go raibh mé páirteach i dteagasc rialta thar thréimhse leanúnach sna hábhair atá léirithe
- go bhfuil an t-eolas go léir a tugadh ceart.

Síniú:	Dáta:
--------	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Má dhéantar an fhoirm a chomhlánú go digiteach, ní mór í a chur i gcló agus a shíniú.

Ní mór an fhoirm shínithe a chur ar ais tríd an bpost cláraithe chuig Foghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil, Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí chun go sroichfidh sí an oifig sin ar nó roimh an Déardaoin an 2 Iúil.

3. Le comhlánú ag scoláirí a rinne scrúdú na hArdteistiméireachta roimhe seo in 2018 nó in 2019

Tá na cásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh orainn teagmháil a dhéanamh leis an scoil a ndearna tú freastal uirthi roimhe seo leagtha amach sa *Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil*.

An bhliain ina ndearna tú scrúduithe na hArdteistiméireachta roimhe seo	2018 <input type="checkbox"/>	2019 <input type="checkbox"/>
Táim toilteanach go rachadh Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa i dteagmháil leis an scoil ina ndearna mé scrúduithe na hArdteistiméireachta roimhe seo, más gá sin, faoi mar atá leagtha amach sa Treoir	Táim <input type="checkbox"/>	Nílím <input type="checkbox"/>
Ainm na scoile:		
Seoladh na scoile:		
Ainm an phríomhoide:		

4. Le comhlánú ag gach scoláire: ábhar, leibhéal agus sonraí teagaisc

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid			
Ainm			Ainm an ionaid			
Teileafón			Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost			Teileafón			
			ríomhphost			

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid			
Ainm			Ainm an ionaid			
Teileafón			Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost			Teileafón			
			ríomhphost			

Ní gá duit leathanaigh 3 go 5 a chur i gcló agus a sheoladh ar ais murar úsáid tú iad.

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fáil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid			
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost		Teileafón			
		ríomhphost			

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fáil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid			
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost		Teileafón			
		ríomhphost			

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fáil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid			
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost		Teileafón			
		ríomhphost			

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fáil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid			
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora			
ríomhphost		Teileafón			
		ríomhphost			

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra				Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid				
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora				
ríomhphost		Teileafón				
		ríomhphost				

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra				Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid				
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora				
ríomhphost		Teileafón				
		ríomhphost				

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra				Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid				
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora				
ríomhphost		Teileafón				
		ríomhphost				

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra				Sonraí an ionaid		
Ainm		Ainm an Ionaid				
Teileafón		Ainm an phríomhoide/an bhainisteora				
ríomhphost		Teileafón				
		ríomhphost				

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm			Ainm an Ionaid		
Teileafón			Ainm an phríomhoide/an bhainisteora		
ríomhphost			Teileafón		
			ríomhphost		

Ábhar:		Leibhéal: (A/G/B/C)		An bhfuil teagasc á fháil agat?	Tá <input type="checkbox"/>
					Níl <input type="checkbox"/>
Sonraí an Mhúinteora/an Teagascóra			Sonraí an ionaid		
Ainm			Ainm an Ionaid		
Teileafón			Ainm an phríomhoide/an bhainisteora		
ríomhphost			Teileafón		
			ríomhphost		